# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.
Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Seo a leanas siomptóim na plá mar a chuir Túicídidéas síos orthu:

Go tobann, mhothaighdaoine a bhí i mbarr a sláinte dó ina gcloigne, agus d'iompaigh a súile dearg. Bhí siad ag cur fola óna scornach agus a dteanga, bréan-anáil, piachán agus sraothartach, pian cliabhraigh agus urlacan. Bhí pian agus freangaí ar dhaoine, craiceann dearg le hothrais, mothú dó chomh mór nach bhféadfaidís na héadaí is éadroime a sheasamh ar a gcorp. Bhí siad ag iarraidh iad féin a thumadh in uisce fuar, bhí tart, easuan agus corrthónacht ag dul dóibh. Cailleadh iad de ghnáth ar an 7ú nó 8ú lá, ach mura gcaillfí iad, bhuailfeadh buinneach uafásach iad agus uaireanta chaillfidís radharc na súl, lúth na ngéag nó d'imeodh a gcuimhne. Luigh na mairbh gan adhlactha (ní dheachaigh na héin, a d'imigh gan tásc na tuairisc, i ngar dóibh). D'imigh breoiteachtaí eile. Buaileadh daoine láidre agus laga ar an gcaoi chéanna. Ba é an ghné ba mheasa easpa misnigh agus éadóchas na ndaoine a bhí ag fulaingt agus a bhí "á gcailleadh as éadan". Go minic, cailleadh daoine agus iad astu féin. Cailleadh na daoine sin a rinne iarracht an rud ceart a dhéanamh. Samplaí de dhrochiompar is ea an t-aindlí nach bhfacthas cheana agus an easpa eagla roimh smachtbhannaí ó dhéithe nó fir. Sampla ar leith is ea an cleachtas de bhreochairn a réitíodh do dhaoine eile a ghoid. Deir sé go raibh an Phlá ní ba nimhní san Aithin ná in aon áit eile; nach raibh na dochtúirí in ann déileáil leis an líon daoine breoite agus go raibh na rátaí báis ab airde acu; bhí aineolas iomlán ar an gcaoi le déileáil leis an tinneas. I dtosach, bhain daoine triail as íobairtí a dhéanamh agus dul i gcomhairle oracail, ach níor lean siad leis, bhí an fhulaingt rómhór nuair nár éirigh leo. Ar dtús, mheas siad gur chuir muintir Sparta nimh ina dtaiscumair. Ní dhearnadh caointeoireacht fiú ar son na marbh. Níor tholg na daoine a mhair an galar arís, nó má tholg, ní raibh sé marfach. Mhothaigh siad nach bhféadfaidís bás a fháil. Bhí an tionchar ba mheasa orthu siúd a d'fhág an tuath le dul chuig an gcathair. Bhásaigh siad "ina sluaite". Thosaigh coirp ag carnadh, bhí daoine i mbéal báis ag siúl timpeall ar leathchos.

**Trí phointe. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(b) "Thug fir neamhaird ar gach riail creidimh nó dlí." Chaith daoine áirithe coirp ar bhreochairn coirp eile. "Aindleathacht nach bhfacthas cheana" a bhí i réim. Thosaigh roinnt daoine ag caitheamh a gcuid airgid ar fad ar phléisiúr amhail is go raibh deireadh ag teacht leis an domhan. Tréigeadh an onóir, mar nach raibh d'onóir ann ach "pléisiúr an ama". Ní raibh eagla ar bith roimh na déithe mar gur cailleadh an mhaith agus an t-olc araon. Thit an córas ceartais as a chéile mar bhí cúis bháis in aghaidh gach duine.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Is iomaí duine ar bhuail an aicíd iad nuair a bhí siad ag tabhairt aire do dhaoine eile, á gcur féin i mbaol. Thug go leor daoine cuairt orthu siúd a bhí tinn mar chomhartha onóra, bhí daoine a raibh an galar orthu agus a mhair an-chineálta do na daoine tinne.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(ii)

(a) Bhí Cléón, a bhí freagrach as an mbunrún chun muintir Mhitiléiné a mharú a chur ar aghaidh, an-fhoréigneach ina óráid agus bhí tionchar ag a chuid cainte freisin. Bhí siad seo a leanas i measc na n-argóintí a bhí aige: ní féidir leis an daonlathas daoine eile a rialú; is cineál laige é atrua; braitheann ceannasaíocht ar neart agus ní ar dhea-mhéin; déanfaidh comhghuaillithe a ndícheall teacht saor as rud ar bith má léirítear laige; caithfear a bheith comhsheasmhach agus dlíthe á gcur i bhfeidhm agus caithfear beart díoltais a dhéanamh láithreach; stopaigí ag éisteacht le hóráidí maisiúla agus coinnígí mothúcháin bhreátha le haghaidh cairde seachas le haghaidh naimhde; rinne muintir Mhitiléine gníomh beartaithe forrántachta, d'éirigh siad santach agus díomasach de bharr gur chaitheamar leo chomh maith sin; caithfimid an dlí a chur orthu ionas nach ndéanfaidh comhghuaillithe eile drochghníomh; mura bhfuil sibh sásta cinntí crua a dhéanamh, ba cheart daoibh an impireacht a thabhairt suas.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Seoladh long chun an cur chun báis a dhéanamh, ach ansin bhuaigh argóintí Dhiódatas chun caitheamh go cóir le daoine seachas nach mbeadh ní ar bith le cailleadh acu an vóta ar éigean agus cuireadh an dara long amach; tháinig sé i dtír díreach in am le cosc a chur ar shléacht mhuintir Mhitiléiné.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iii)

(a) Tharla Cath Mantinea i 418-417 R.Ch. Rinne na Spartaigh agus a gcomhghuaillithe ionradh ar chríoch Mantinea agus scrios siad an áit. Bhí na fir á dtabhairt chun catha ag Agis nuair a ghríosaigh seanfhear é le filleadh ar ais, mar bhí an namhaid in áit rómhaith. Chinn sé ansin iarracht a dhéanamh abhainn, a mbíodh tuile inti de ghnáth, a atreorú i dtreo Mantinea chun na hAirgívigh a chur amach as a suíomh ard. Chuaigh na hAirgívigh, a raibh iontas orthu faoi athrú intinne na Spartach, síos go dtí an machaire. Thángthas aniar aduaidh ar na Spartaigh agus ní raibh acu ach tamall gairid le hullmhú. Labhair na ginearáil lena n-airm. Cuireadh i gcuimhne d'arm Mantinea go raibh siad ag troid ar son a dtíre, ar son cumhachta nó sclábhaíochta. Insíodh do na hAithnigh cé chomh hiontach is a bheadh sé an lámh in uachtar a fháil ar an Spartaigh i ndúiche Pheilipinéiseach. Bhéic na Spartaigh ar a chéile agus chan siad, agus fios acu gur fiú smacht fada sa ghníomh níos mó ná focail ar bith. Bhrostaigh na hAithnigh i mbun gnímh, bhog na Spartaigh go mall de réir a seinnteoirí fliúite chun go bhfanfadh siad in eagar. Chonaic Agis go raibh a líne ag síneadh barraíocht ar dheis i ngeall go raibh gach fear ag iarraidh é féin a chosaint ar chúl sciath an fhir ar a thaobh deas, mar sin thug sé ordú don Scriritae ar an sciathán clé bogadh ar chlé agus do dhá aonad eile na bearnaí sa líne a d'osclódh a líonadh. Dhiúltaigh beirt cheannasaithe é sin a dhéanamh (cuireadh chun báis iad níos déanaí) agus d'oscail an bhearna ach throid na Spartaigh go cróga in áiteanna eile, ag tabhairt ar an namhaid teitheadh. Bhí cliathán na nAithneach scoite anois ach d'éirigh leis an gcuid ba mhó díobh éalú. Mar ba dhual do na Spartaigh, ní dheachaigh siad sa tóir ar an namhaid lena mharú, ach d'fhán siad ansin. Chaill siad thart ar 300 fear, chaill an namhaid thart ar 1100 fear.

**Cuntas comhleanúnach. (14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Ba é an chúis a raibh sé sin chomh tábhachtach sin don Rí Agis ná go raibh na Spartaigh steall ar mire leis toisc gur theip air Argos a ghabháil le fórsa láidir comhghuaillithe agus toisc gur lig siad don namhaid Orochomenus a ghabháil. Bhí siad ar tí a theach a dhó go talamh agus fíneáil 10,000 drachma a ghearradh air. Ach chuir sí ina luí orthu go ndéanfadh sé leorghníomh dá bhotúin agus rinne sé é sin trí rath a bhaint amach ag Mantinea.

**Pointe amháin. (10 marc)** **(10 marc)**

(iv)

Ba pholaiteoir neamhbhalbh é Cléón a bhí ar thaobh na mbocht agus a raibh a fhios aici conas an ceann is fearr a bhaint as mothúcháin an tslua Aithnigh. Bhí sé ina chéile comhraic ag Peiricléas. In 427 R.Ch., rinne sé an argóint gur cheart muintir Mhitiléiné a chur chun báis agus gur theastaigh ón Aithin a láidreacht a thaispeáint agus sampla a dhéanamh díobh ionas go mbeadh faitíos ar gach duine eile rompu. Cháin sé na ginearáil faoi Phulas. Tugadh ordú dó agus d'éirigh go breá leis nuair a ghabh sé na Spartaigh ar Sfaictéiria. Ach, bhí sé freagrach as an treascairt Aithneach ag Amfapoil agus maraíodh sa troid é.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Peiricléas: Ba é Peiricléas an ceannaire Aithneach faoinar thosaigh Cogadh na Peilipinéis. Tugadh an tOilimpeach mar leasainm air mar gheall ar a mhacántacht. Rith sé beartas eachtrach ionsaitheach nach raibh bunaithe ar aon chathanna móra talún ach a bhain leas as forlámhas cabhlaigh. Bhí sé paiseanta ina thírghrá, mar a léiríodh ina óráid sochraide do na hAithnigh mharbha. Ba chaillteanas mór a bhí ann nuair a cailleadh de bharr na plá é. Bhí an-mheas ag Túicídidéas air agus mhothaigh sé nach raibh aon duine cothrom leis le teacht ina áit.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Archidamus: Bhí sé ina rí ar Sparta nuair a thosaigh Cogadh na Peilipinéise. Tá an chéad chéim den chogadh ainmnithe ina dhiaidh. Rinne sé argóint in aghaidh dul isteach sa chogadh leis na hAithnigh róthapa agus dúirt sé leis na Spartaigh go mb'fhéidir go mbeadh aiféala orthu dá ligfidís don chogadh tarlú sula raibh siad réitithe. Rialaigh an páirtí ar son an chogaidh ina aghaidh agus ansin threoraigh sé roinnt ionsaithe ar an Ataic. Chuir sé cathair Plataea faoi léigear, cé gur éiligh siad gur mhionnaigh Sparta gan sin a dhéanamh riamh. Fuair sé bás in 427 R.Ch. agus tháinig a mhac Agis mar chomharba air.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**
**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

## Topic 2. Alastar Mór.

(i)

An tSnaidhm Ghoirdiach: Ní gá d'iarrthóirí cúlra a thabhairt ar stair na snaidhme. Bhí an tsnaidhm déanta d'adhmad cornel a chuir caoi ar chuingir an fhéin. Bhí sí ceangailte ar bhealach chomh glic sin nach bhféadfadh aon duine a tús ná a deireadh a fheiceáil. Is é an tsuntasacht a bhaineann leis d'Alastar an tairngreacht go mbeadh an té a dhícheanglódh é ina mháistir ar an Áise. Ba iad an dá mhodh fhéideartha a d'úsáid Alastar chun an tsnaidhm a "bhaint", (a) gur scaoil Alastar an chuingir ón bhféan agus dá bhrí sin gur scaoil sé an tsnaidhm nó (b) gur ghearr sé tríd an tsnaidhm lena chlaíomh. Insítear dúinn san eipeasóid seo go raibh piseoga ag Alastar agus go raibh an-suim agus creideamh aige in oracail agus i gcomharthaí. Is léir anseo go dteastaíonn uaidh bheith ina rialaitheoir ar an Áise. Taispeántar san eipeasóid seo chomh maith nach bhféadfadh Alastar dúshlán a dhiúltú. Thar aon ní eile, taispeántar a dhúthracht agus a fhéinsmacht sna bealaí inar chomhlíon sé an t-oracal.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Peirséapoil: Ba é seo pálás iontach rí na bPeirseach san Iaráin nua-aimseartha. Deirtear i gcuntas Arrian faoi scriosadh an pháláis mar gheall ar thine gur chinn Alastar an pálás i bPeirséapoil a dhó mar phíosa straitéise agus gur cheist bheartais ba ea é seachas gníomh meargánta scriosta. Bhí sé seo in aghaidh chomhairle Phairméinión, a chuir in iúl dó go raibh sé ag dó a réadmhaoine féin. Bhí na fir ag súil anois go gcinnfeadh sé filleadh abhaile.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Aornos: Measadh nárbh fhéidir an Charraig a ghabháil agus níor éirigh le hEarcail í a ghabháil, dá bhrí sin chuirfeadh a gabháil in iúl do dhaoine eile gur am amú a bhí ann dul i gcoinne Alastair. Bhí sí i lár na frithbheartaíochta Indí. Bhí na dúshláin ag Aornos ollmhór agus ceapadh nach bhféadfaí iad a shárú. D'fhan Craterus in Embolima fad a ndeachaigh Tolamaes ar aghaidh agus gur éirigh leis suíomh (dobhreathnaithe) maith a bhaint amach a bhuíochas le cúnamh ó mhuintir na háite. D'éirigh le hAlastar é a aimsiú in ainneoin iarrachtaí na ndaoine dúchasacha cosc a chur ar cheangal an dá airm. D'ordaigh Alastar do gach fear 100 cuaille a ghearradh chun dumha mór a thógáil thar ailt le go mbeifí in ann an charraig a shroicheadh. Bhí sé 600 troigh ar airde i lá amháin agus thóg sé trí lá é a thrasnú. Bhí suaitheadh ar na daoine dúchasacha agus iad ag iarraidh téarmaí a leagan amach, ach bhí súil acu go mbeidís in ann bailiú leo. D'ionsaigh Alastar iad sula raibh siad in ann dul as amharc. (Ghlacfaí le sracléaráid mar chuid den fhreagra seo).

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**
**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

(ii)

(a) Is cosúil gur thaitin stíl na bPeirseach le hAlastar agus le roinnt de na fir i ngar dó. Bhí sé seo ina chúis le go leor teannais sa champa. B'fhéidir gur thaitin sé le hAlastar go raibh stíl ríogacht na bPeirseach i bhfad níos galánta agus níos maorga ná ríthe na Macadóine. Chaith

sé ceannbheart rí na bPeirseach, ach ní dheachaigh sé chomh fada riamh agus an treabhsar a chaitheamh.  D'umhlaigh na Peirsigh go híseal, ag luí ar an talamh fiú, roimh a rí.  Is dócha go ndearna Alastar iarracht luí ar an urlár a thabhairt isteach mar chleachtas cúirte mar gheall gur theastaigh uaidh go mbeadh na Macadónaigh agus na Peirsigh ar comhchéim.  Ar an lámh eile, b'fhéidir gur ghlac sé le roinnt d'fheistíocht stíl na bPeirseach díreach le go dtaitneodh sé lena ghéillsinigh nua agus le bheith níos inghlactha dóibh agus chun a gcroíthe a mhealladh.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Ní go maith a chuaigh an fhorbairt seo i bhfeidhm ar na Macadónaigh.  Is í an eipeasóid proskynesis agus óráid Challastainéis ag gríosú Alastair gan tabhairt ar a fhir umhlú agus ag cur i gcuimhne dó gur fear a bhí ann agus ní dia, an sampla soiléir.  Bhí na Macadónaigh sásta le hóráid Challastainéas agus ní ghlacfaidís le proskynesis.  D'fhéadfadh iarrthóirí Cléiteas a lua freisin ag cur i gcoinne a chomparáide leis na laochra móra agus iarracht á déanamh aige bheith ina dhia nuair nach raibh ann ach fear.  Is é an agóid mhór eile a cuireadh in iúl leis an gceannairc ag Opis nuair atá na fir ar mire go bhfuiltear á gcur abhaile, mar gur ceapadh na epigonoi (na comharbaí), agus go háirithe an dóigh a bhfuil an chuma air go bhfuil sé i bhfabhar na bPeirseach tharstu, ag caitheamh leo mar a mhuintir.

**Dhá phointe. (15, 15.)** **(30 marc)**

(iii)

(a) Tosaíonn na heachtraí ag cóisir áit a raibh an iomarca ólta ag gach duine a bhí i láthair.  Fiú roimhe sin, deir Airrianas linn go raibh Cléiteas buartha faoi Alastar mar go raibh sé ag éirí níos oirthearaí ina stíl cheannaireachta.  Bhíothas ag plámás i gcoitinne agus bhí Alastar á chur i gcomparáid le dia.  Ní raibh Cléiteas in ann é sin a sheasamh.  Labhair sé faoi Philib agus faoin gcaoi a raibh a chuid éachtaí i bhfad níos fearr ná éachtaí Alastair.  Rinne Cléiteas gearán faoin teacht a bhí ag na Peirsigh ar an rí, ach nárbh ann d'aon Mhacadónaigh shona seachas iad siúd a bhí marbh.  D'ardaigh sé a lámh agus mheabhraigh sé d'Alastar gur tharrtháil sé é ón mbás ag an Granicus.  D'fhógair Alastar gur cheart é a ghabháil ach níor ghabh aon duine é agus chuir sé a shleá tríd.  Ar ordú Airrianais tógadh Cléiteas ón láthair, ach tháinig sé ar ais agus é ag spochadh as Alastar.

**Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Féadfaidh iarrthóirí argóint a dhéanamh gur shaighid Cléiteas gníomhartha Alastair.  Ar an lámh eile, d'fhéadfaidís argóint a dhéanamh nárbh fhéidir aon leithscéal a dhéanamh de dá ndúnmharódh duine a bhí ar meisce seanchara leis, fiú dá mba rud é go raibh sé dímheasúil agus maslach.  Ba dheartháir é Cléiteas le feighlí linbh Alastair agus tharrtháil sé Alastar ón mbás ag cath Granicus.  Is smál ar ríogacht Alastair é gur lig sé dó féin imeacht chomh fada sin ó smacht go ndearna sé a leithéid.  Is fianaise ar a chiontacht an brón a bhí air ina dhiaidh.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Féadfaidh na hiarrthóirí cur síos a dhéanamh ar láthair an champa; na gníomhartha cliste a úsáideadh chun Póras a choinneáil i mbun tuairimíochta agus chun é choinneáil ina shuí i rith na hoíche trína chuid fear a chur suas agus anuas bruach na habhann ag déanamh torainn; tabhairt na mbád ón Iondúis; roinnt an airm ina thrí chuid; an t-ordú a tugadh do Craterus chun fanacht sa champa i gcuideachta móráin den mharcra mar gheall ar na heilifintí; Meleager ag an bpointe leath bealaigh; an áit ar thrasnaigh sé an abhainn, áit a raibh lúb in abhainn an Hiodaispéas agus a raibh sé ábalta dul ar scáth coillearnaí agus oileáin. Bhí deacrachtaí ag Alastar agus na trúpaí tofa dul trasna na habhann de bharr na haimsire agus an bhotúin faoi na hoileáin. Teacht mhac Phórais, más go mall féin é, gan aige ach arm beag. Toisc eile i rath Alastair anseo ba ea gur theip air dul i ngleic le hAlastar nuair a tháinig sé go bruach na habhann.

**Cur síos comhleanúnach. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Is iad príomhtháscairí charachtar Alastair anseo a dhiongbháilteacht chun an abhainn a thrasnú i rith shéasúr an mhonsúin agus i ndrochstoirm; an dua a chaitheann sé chun na longa a thabhairt anonn ón Iondúis; clisteacht na ngníomhartha chun an dallamullóg a chur ar Phóras; a chuid teaictící chun na heilifintí a chloí; an dínit agus an fhlaithiúlacht lena gcaitheann sé le Póras tar éis an chatha.

**Dhá phointe. (8, 7.) (15 mharc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) D'fhéadfaí a áireamh le tréithe a roghnóidh iarrthóirí a chrógacht; é ag seasamh leis an gcúis choitianta; a fhlaithiúlacht; a chaidreamh iontach lena shaighdiúirí; a thoilteanas le rioscaí a thógáil, a chumas chun trócaire a thaispeáint agus a éifeachtúlacht. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann samplaí a thabhairt de pé tréithe a roghnaíonn siad ón téacs.

**Dhá phointe. (15, 15.) (30 marc)**

(b) Is dócha go n-áireofar le roghanna coitianta a uaillmhian mhór; a neamhthrócaireacht, fiú cruálacht; a ghliceas; a iarracht ollmhór chun cumhacht a fháil. Ba cheart go dtagródh iarrthóirí do roinnt samplaí dá iompar chun a bhfreagra a léiriú.

**Dhá phointe. (10, 10) (20 marc)**

(ii)

(a) Ba é Cath Pharsalus an cath cinniúnach idir Caesar agus Poimpéas sa Ghréig. Bhí talamh caillte ag Poimpéas cheana de bharr nár chuir sé lena bhua ag Dyrrhachium. Fiú sular thosaigh an cath, rinne Caesar Poimpéas a bhacadh trí bhuíonta marcra a bhogadh lena thrúpaí a bhacadh. Rud ríthábhachtach, chinn Poimpéas ordú dá fhir gan dul chun tosaigh

ach fanacht socair agus glacadh le gluaiseacht chun tosaigh na naimhde.  I dtosach, bhí an cath cothrom ach bhí Poimpéas mall chun a mharcra a úsáid chun cliathán clé Caesar a chiorclú.  Ba ansin a chaith Caesar a chúltaca de 3,000 fear ag marcra na naimhde.  Dhírigh na saighdiúirí coise seo a sleánna ar aghaidheanna na marcach, a scanraigh agus a chuaigh ar a dteitheadh mar gheall nach raibh aon taithí acu.  Dhírigh fir Caesar ar shaighdiúirí coise Poimpéas ansin, fad is a d'ionsaigh a dheichiú léigiún ón tosach.  Chonaic Poimpéas céard a bhí ag tarlú, d'fhág sé an cath agus speabhraídí air, ag tréigean a chuid fear agus á bhfágáil i muinín na cinniúna.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Tar éis chath uafásach Pharsalus, theith Poimpéas le roinnt leantóirí chuig an Éigipt, chun tearmann a fháil ansin.  Ach nuair a tháinig a bhád níos gaire don chladach, ba léir nach mbeadh fáilte mhór roimhe.  Tugadh go dtí an cladach i mbád rámhaíochta é áit ar thug Tolamaes ar Achillas, Septimius agus Salvius é a mharú.  Baineadh an ceann de agus fágadh a chorp ar an gcladach áit ar chuir seansaighdiúir dá chuid, Pilib, é.  Cuireadh a cheann chuig Caesar.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(iii)

(a) Ba í Comhcheilg Chaitilíneach plean Chaitilíne chun na consail a mharú agus an Róimh a ghabháil.  Bhí pleananna drámata aige chun an ghéarchéim fiachais sa Róimh a réiteach agus d'athchruinnigh sé go leor pleibeach ar a thaobh chomh maith le roinnt paitríoch míshásta. Dhaor Cicearó é os comhair an tSeanaid agus d'imigh sé go Etruria chun dul lena fhórsaí. Shroich toscairí na Allobroges an Róimh anois agus chuaigh na comhchealgairí ar fheall siad orthu don Seanad i dteagmháil leo.  Ghabh Cicearó na ceannairí agus mharaigh sé iad (in ainneoin gur chuir Iúil Caesar ina aghaidh).  Cáineadh Caitilíne agus stiúir sé arm beag a chaill ag Pistoria, áit ar throid sé féin go cróga.

**Cuntas comhleanúnach. (14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Dar le Sallaistias, bhí Caitilíne an-chliste, ach lochtach.  Fear an-chróga a bhí ann, ach bhí sé cruálach freisin.  Bhí sé an-díomasach. Cuireann Sallaistias síos air mar dhuine cumasach ach brúidiúil, meargánta agus glic.  Léiríonn sé fear atá flaithiúil ach mí-ionraic.  I measc lucht leanúna Chaitilíne, de réir shliocht ábhartha Shallaistias, bhí coirpigh, clisiúnaigh, leisceoirí, agus iad siúd ar theastaigh cogadh uathu chun a gcás féin a athrú.   Bhí sé an-uaillmhianach.  Is suntasach a mhisneach agus an tslí a raibh sé meáite ar leanúint ar aghaidh i mbun troda nó go raibh an cath go hiomlán thart.  Ar an iomlán, léirítear é mar dhuine dainséarach agus mímhorálta.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(iv)

(a) Féadfaidh iarrthóirí aon dán a roghnú a fhad agus a léiríonn siad go bhfuil eolas acu ar an dán agus gur féidir leo tagairt a dhéanamh dó, mar aon le fáth maith amháin ar a laghad a thabhairt lena rogha.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Seans go gceapfaidh iarrthóirí go bhfuil sé go deas. D'fhéadfaí a áireamh le pointí a dhéanfaidh siad: tá sé an-oscailte faoina mhothúcháin, idir dhiúltach agus dearfach, agus labhraíonn sé óna chroí amach; tá sé an-bháúil le daoine eile, go háirithe lena chairde agus lena dheartháir agus léiríonn sé an-chumas ionbhá; ceaptar go bhfuil sé an-dílis, fiú nuair atá a mhothúcháin do Lesbia ag fáil an ceann is fearr air, bíonn sé macánta i gcónaí. B'fhéidir go luafadh iarrthóirí nach dtaitníonn sé leo chomh tógtha is a bhí sé le grá, chomh mór sin is gur beagnach andúil atá ann; b'fhéidir go gceapfadh roinnt go bhfuil an iomarca mothúchán aige.

**Trí fháth. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Fuair Ágastas colscaradh óna chéad bhean agus phós sé Livia, a bhí ag iompar clainne agus tar éis colscaradh a fháil le déanaí. Bhí an-tionchar aici air. Ba iad Drúsas agus Tibir a beirt mac. Chruthaigh Livia agus Ágastas saol baile an-traidisiúnta a thaitin leis na Rómhánaigh mar go raibh sé neamhghaisciúil agus simplí. Tá a fhios go raibh go leor caidrimh sheachphósta aige ach níl a fhios againn cén chaoi ar mhothaigh sí faoi sin. Chaith sí éadaí simplí agus beagán seodra. D'fhigh sí cuid d'éadaí Ágastas í féin. Nuair a bhásaigh Ágastas, fuair sí aon tríú dá eastát mar oidhreacht agus an teideal 'Augusta'. Bhí Ágastas 'go huile agus go hiomlán faoina smacht' aici. Tugann Tacatas le tuiscint go mb'fhéidir go raibh sí bainteach le bás Ágastas fiú, go mb'fhéidir gur nimhigh sí le figí é.

**Trí ghné dá ról. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Nuair a d'fhág a mac Tibir, rinne Livia iarracht a chur ina luí ar Ágastas cead a thabhairt dó filleadh ó Ródas. D'oibrigh sí go rathúil fosta chun go n-uchtódh Ágastas a mac. Chuaigh caidrimh idir máthair agus mac, a bhí cairdiúil ag tús a réimis, in olcas agus d'fhan siad go dona suas chuig tráth a báis, b'fhéidir mar gheall go raibh sí rómháistriúil. Níor fhill sé as Capri dá sochraid fiú.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(ii)

Ba í Julia iníon Ágastas agus a chéad bhean Scribonia. Socraíodh go bpósfadh sí ginearál Ágastas, Marcas Aigripe, a bhí blianta níos sine ná í féin tar éis dá céad fhear ceile, Marcellus, bás a fháil. Bhí cúigear clainne uirthi le Agrippa. Nuair a fuair Aigripe bás, socraíodh go bpósfadh Iúilia mac Livia, Tibir, agus cuireadh iallach airsean colscaradh a fháil

óna bhean féin. Níor éirigh leis an bpósadh. Bhí saol sóisialta fiáin ag Iúilia, thaitin cóisirí agus fir eile léi. Chonacthas í ar meisce go poiblí agus i measc a cuid leannán bhí mac Mharcais Antaine lena chéad bhanchéile. In 2 R.Ch., bhí an chúlchaint ag éirí chomh dona is nach bhféadfadh Ágastas neamhaird a dhéanamh de. Shocraigh sé sampla a dhéanamh di do mhná uile na Róimhe. Cuireadh ar deoraíocht í. Níor ceadaíodh d'aon fhear cuairt a thabhairt uirthi riamh agus bhí sí faoi gharda seasta. Níor ceadaíodh di filleadh ar an Róimh as sin amach. Deirtear gur chaith Ágastas go cruálach agus mínádúrtha le hIúilia toisc go raibh a pionós an-chrua go deo. Mar sin féin, chuaigh sí go láidir i gcoinne a phrionsabail agus mhothaigh sé go gcuirfí a chuid iarrachtaí caighdeáin mhorálta a chur ar ais sa chathair as a riocht mura ndéanfadh sé sampla di.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Bhí Séánas ina mhaor ar an nGarda Praetóireach. Maistín uaillmhianach de chuid Thibir a bhí ann agus rinne sé cinnte nach mbeadh sé in ann déanamh dá uireasa. Mheall sé Livilla agus shocraigh sé bás Dhrúsas agus Agrippina agus a beirt mhac trí Thibir a iompú ina n-aghaidh. Thug sé Tibir slán ón mbás agus bhí muinín iomlán ag Tibir as go dtí gur tháinig an fhírinne amach faoina phleananna. Chuir Tibir Séánas agus a leantóirí chun báis ina dhiaidh sin.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Rinne Gearmánacas stocaireacht sa Ghearmáin áit nár éirigh rómhaith leis agus d'athghairm Tibir air. Rinneadh an fear a bhí i gceannas ar Impireacht an Oirthir de ansin, rud a bhronn Tibir air. Thug sé cuairt go héigríonna ansin ar an Éigipt (neamhúdaraithe). Bhí sé in aighneas le Piso, gobharnóir na Siria; d'ordaigh sé Piso amach as an tSiria agus fuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin i gcúinsí mistéireacha sa tSiria. Bhí sé pósta ar Agrippina.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas.** **(50 marc)**

(iii)

(a) Níor chuir aon duine eile an oiread céanna cluichí agus siamsaíochtaí ar fáil agus a chuir Ágastas. Thaifead sé gur chuir sé 4 thacar cluichí ar fáil do mhuintir na Róimhe ar a shon féin, mar aon le 23 tacar eile thar ceann giúistísí nach raibh d'acmhainn acu déanamh amhlaidh. Chuir sé réimse leathan siamsaíochtaí ar siúl sna sráideanna agus in ionaid éagsúla ar fud na cathrach agus i dteangacha éagsúla, dála drámaí, ach bhí troideanna ainmhithe agus babhtaí iomrascála ann freisin agus muirchath fiú amháin. Chuir sé rásaí carbaid agus coise ar siúl a raibh sáriomaitheoirí páirteach iontu ach ba é an rud ab fhearr leis féin na cluichí Traíocha a cuireadh ar siúl inar ghlac buachaillí d'aoiseanna éagsúla páirt. Chuir sé ainmhithe coimhthíocha, nathracha nimhe móra, srónbheannach agus tíogar san áireamh, ar taispeáint freisin le haghaidh shiamsa an phobail. Rinne sé socruithe suíochán na gcluichí, a bhí trína chéile, a chur in ord agus in eagar agus mhéadaigh sé an líon saighdiúirí a bhí sa chathair le linn na gcluichí chun cosc a chur ar an mbradaíl agus ar an mbuirgléireacht.
**Cur síos comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Ba é an chúis ar cheap Ágastas go raibh soláthar cluichí chomh tábhachtach mar gur chinnte sé go bhfaigheadh sé gnaoi na ndaoine as na cluichí a chur ar fáil agus tharraing siad gradam mór air freisin. Cheap sé freisin go n-imreofaí dea-thionchar ar na daoine agus ar uaisleacht na n-ógánach a ghlac páirt sna himeachtaí spóirt dá mbeadh eiseamláir feabhais le feiceáil acu. Bhain sé féin an-taitneamh as na cluichí freisin, go háirithe an iomrascáil.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) I gcuntas Shéatóinias, déantar cur síos ar Thibir amhail is go raibh sé páirteach sna gníomhartha ba bhrúidiúla agus ba dhuáilcí ar Capri. Deir sé gur lig Tibir cúrsaí an stáit le sruth. Ghlac sé páirt i bhfleánna drabhlásacha, paisin fhíochmhara agus bhíodh smaointe drochaigeanta díomhaoine aige. Bhí a chuid ainmhianta coiriúil agus bhí sé ag maireachtáil mar a bheadh tíoránach oirthearach ann, ag ól agus ag ithe an iomarca. Bhí leanaí saorchlannda mar íospartaigh dá dhrúis agus chuir an tsoineantacht agus an óige faoi dhraíocht é. Fuair, agus uaireanta fiú d'fhuadaigh, sclábhaithe a íospartaigh agus smaoinigh sé ar dhuáilcí nua. Bhí seomraí cóirithe aige le híomhánna mígheanasacha agus lámhleabhair mhígheanasacha. Bhí buachaillí agus cailíní gléasta aige mar phannaí agus nimfeacha thart ar a thailte i bhfochlaí drabhláis. D'éist sé le go leor cúisimh bhréige ag teacht ó Shéánas sa Róimh agus cuireadh pionós ar go leor nuair a d'ordaigh sé é.

**Cuntas comhleanúnach. (9, 9, 8.)** **(25 marc)**

(b) Bhí an oiread gliondair ar mhuintir na Róimhe faoi bhás Thibir mar nár thaitin sé le mórán daoine. Bhí sé gruama mítharraingteach agus níor airigh daoine gaol leis. Bhí olc ann a d'fhág nár lorg sé gnaoi an phobail trí chluichí agus siamsaíochtaí a chur ar fáil. Ba iad an chaoi uafásach ar chaith sé le Gearmánacas agus a theaghlach; tuile agus trá Shéánas agus na Trialacha Tréasa arb ionann iad agus réimeas uafáis, ar chuir go leor de Rómhánaigh uaisle lámh ina mbás féin dá bharr, na heachtraí ba mhó ba chúis le míghnaoi na ndaoine air. Déantar cur síos ar a iompar in Capri mar rud mailíseach agus fíochmhar. Tá cáil ainnis air mar gheall ar an gcaoi ar chaith sé le cairde agus comhghleacaithe a bhí aige. Is é Séánas an sampla is fearr anseo ar cuireadh a iarchomrádaithe chun báis in "ár fola". D'fhéadfaí Sextus Vistilius, Considius Proculus agus Sextus Marius a lua anseo agus an tseanbhean Vitia. Bhí dearcadh gruama agus scéiniúil aige i dtreo an chúisí agus thug sé lánchead do na "delatores" nó brathadóirí líomhaintí a dhéanamh díreach le teann oilc.

**Dhá phointe (13, 12.)** **(25 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Dúirt Créón le Méide go mb'éigean di féin agus a leanaí an chathair a fhágáil an lá arna mhárach. Trí sheans, tá Aegeus, Rí na hAithne, ag taisteal tríd an gCoraint ar a bhealach ar ais ó dhul i gcomhairle le hOracal Apalló ag Deilfe. Buaileann sé le Méide a fhaigheann amach go bhfuil sé ag iarraidh páiste nua a bheith aige agus go ndeachaigh sé i gcomhairle le

hApalló faoin bhfadhb. Tugann sé faoi deara go mbreathnaíonn Méide bán agus míníonn sí a cruachás. Baintear geit as go dtarlódh sé seo di agus nuair a iarrann sí tearmann san Aithin, (ag gealladh cabhair lena thorthúlacht dó), aontaíonn sé. Deir sé go gcaithfidh sí a bealach féin a dhéanamh ann, mar nach dteastaíonn uaidh titim amach le teach ríoga na Corainte. Cuireann Méide ina luí air móid shollúnta a ghlacadh chun tearmann a thabhairt di.

**Cur síos comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Slánaíonn sí tearmann san Aithin tríd an méid is fearr a bhaint as cruachás Aegeus. Anois is féidir léi a díoltas a bhaint amach agus fios aici go bhfuil tearmann aici le héalú chuige.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(c) Anseo, feicimid gliceas agus ionramháil Mhéide. Tá sí ag smaoineamh chun tosaigh agus úsáideann sí mian Aegeus chun leanbh a bheith aige le cabhrú lena cás féin. Trína chur ina luí air móid a ghlacadh, ní bheidh sé in ann dul siar ar a fhocal agus beidh sí sábháilte. Tá a gliceas agus a rialú daingean soiléir.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(ii)

(a) Tá an chuma ar an scéal ar dtús nach bhfuil Éideapús ábalta an méid a tharla a chreidiúint. Ní chreideann sé gur thug Jocasta a leanbh féin ar shiúl, ach tuigeann sé de réir a chéile gurb é eisean an leanbh sin. Deir sé go bhfuil mealltacht curtha air agus ritheann sé isteach sa phálás. Cloisimid ón teachtaire go bhfuil deifir air, mar a bheadh ainmhí fiáin ann, ag glaoch go dtabharfaí claíomh dó (chun Jocasta a mharú is cosúil), ach faigheann sé marbh lena lámh féin í, ag crochadh os cionn a leapa féin. Gearrann sé anuas go réidh í agus cuireann sé ina luí ar an leaba í agus ansin stróiceann sé na bróistí di agus úsáideann sé iad lena shúile féin a bhaint as a cheann. Ansin tháinig sé amach le labhairt le muintir na Téibhe.

**Trí ghné dá fhreagairt. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Deir Éideapús go bhfuil coireanna rómhór le crochadh déanta aige. Deir sé nach gcabhródh bás mar go mbeadh air dul chuig an domhan thíos agus a athair agus a mháthair a fheiceáil ansin, agus nach bhféadfadh sé déileáil leis sin.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(c) Sa radharc deiridh, iarrann Éideapús ar Chréón an ndíbreoidh sé é. Ansin, iarrann sé an féidir leis bualadh lena iníonacha uair amháin eile. Is é an gar deiridh a iarrann sé go dtabharfadh Créón a lámh dó mar dheimhniú go dtabharfaidh sé aire dá iníonacha.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(iii)

(a) Ar dtús tá an chuma air go ndúnmharóidh Méide Iasón agus a bhean chéile nua, ach bogann sí ar aghaidh go dtí plean eile. Cinneann sí gurb é an dóigh is fearr é a ghortú gach

duine a bhfuil dáimh aige leo a mharú. Tosaíonn sí trína chur ina luí ar Iasón go ndearna sí aithrí agus trína thabhairt air a iarraidh ar Glauce ligean do na buachaillí fanacht sa Choraint. Tugann na buachaillí bronntanais den ghúna nimhe agus den mhionn ríoga chuici. Nuair a chuireann Glauce na bronntanais áille seo uirthi, tosaíonn an nimh ina gúna ag cnaí a craicne agus dónn an mionn ríoga a blaosc agus faigheann sí bás uafásach. Nuair a sheasann gach duine siar in uafás, tagann a hathair, Creon, isteach agus beireann sé barróg ar a corp máchaileach, téann an nimh chéanna isteach ann agus faigheann sé bás uafásach chomh maith. Nuair a chloiseann Iasón faoin mbeart millteanach seo, brostaíonn sé lena leanaí a chosaint ó dhíoltas ar bith ó mhuintir na Corainte a raibh an-fhearg orthu, ach faoin am seo bhí na leanaí maraithe ag Méide. Mar sin, tá gach duine a raibh dáimh aige leo marbh agus tá sliocht a mhuintire díothaithe go hiomlán. Críochnaíonn Méide a díoltas trí gan ligean dó fiú a lámh a leagan ar choirp a leanaí nó iad a chur. Deir sí gur praghas cóir a bhí ina caillteanas féin chun an gáire a bhaint dá aghaidh.

**Cur síos comhleanúnach ar a díoltas. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis seo. Má aontaíonn siad, féadfaidh siad a rá go raibh mionn glactha ag Iasón os comhair na ndéithe í a phósadh agus a bheith dílis di agus tá an mionn sin briste aige, mar sin tá a chinniúint tuillte aige; Chaith sé go holc léi, á tréigeadh, in ainneoin a dílseachta, do bhean nua; Ba chuma leis fiú go raibh sise agus a beirt mhac le cur ar deoraíocht.

Mura n-aontaíonn siad d'fhéadfaidís a mholadh gur chaith Iasón go holc le Méide agus bhris sé mionn, ach ní fhéadfadh sé go mbeadh an díoltas millteanach a d'imir Méide air tuillte ag duine ar bith; ní féidir aon rud a úsáid mar leithscéal ar dhúnmharú leanaí neamhurchóideacha, go háirithe ag lámh a máthar féin; Dá bhrí sin, ní féidir údar a thabhairt do dhíoltas Mhéide.

**Pointe amháin. (15.) (15 mharc)**

(iv)

(a) Thuairiscigh Créón gur luaigh an oracail ag Deilfe gurb é dúnmharfóir Laius a bheith sa chathair is cúis leis an bplá. Chuir Éideapús fios ar an bhfáidh dall, Tiresias, le hiarracht a dhéanamh dúnmharfóir Laius a ainmniú ionas go bhféadfaí é a dhíbirt nó a chur chun báis. Ar an mbealach seo, d'fhéadfaidís an phlá a dhíbirt ón chathair.

**Pointe amháin. (10.) (10 marc)**

(b) Tá Tiresias mall ag teacht agus tá Éideapús mífhoighneach. Fiú nuair a thagann sé, dealraíonn sé go bhfuil drogall air. Iarrann an fáidh go gcuirfí abhaile é agus níl sé ag iarraidh labhairt ar chor ar bith. Ar dtús bíonn Éideapús ag impí air labhairt ansin éiríonn sé teasaí nuair a dhiúltaíonn Tiresias. Cuireann Éideapús i leith an fháidhe go raibh baint aige le dúnmharú Laius. Gríosaithe aige sin, ainmníonn an fáidh Éideapús mar dhúnmharfóir Laius. Ar buille leis an maíomh sin, creideann Éideapús go bhfuil Tiresias agus Creon i mbun comhcheilge chun go gcúiseofaí i ndúnmharú Laius é agus cuireann sé ina leith gur fháidh bréige é. Cuireann sé bagairt ar an seanfhear le foréigean fisiceach agus tugann sé calaoiseoir air. Léiríonn an rí gur theip ar Tiresias mistéir an Sfioncs a réiteach, ag maíomh

gur eisean a réitigh é. Fágann Tiresias ar deireadh agus tugann sé géar-rabhadh d'Éideapús faoina chéannacht. Tugann sé roinnt eolais d'Éideapús, ach ní an t-eolas ar fad. Deir sé nach é an duine a cheapann sé atá ann agus gur cheart dó a fháil amach cé hiad a thuismitheoirí i ndáiríre. Deir an fáidh go bhfuil sé ar maos i gciontacht lena theaghlach, tarraingthe isteach in éilliú agus nach bhfuil a fhios aige faoi fhírinne a phósta. Deir sé gurb é an deireadh a bheidh ag duine atá saibhir inniu go mbeidh sé ina bhacach dall agus go dtarlóidh "breith agus scriosadh" Éideapús inniu.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(c) Anseo feicimid cinntitheacht agus údarás Éideapús. Tá sé chun tosaigh ar gach duine ag iarraidh an fhadhb a réiteach. Ach feicimid freisin go bhfuil sé mífhoighneach agus go bhfuil sé an-teasaí. Éiríonn sé an-fheargach le Tiresias agus bagraíonn sé é, á mhaslú agus ag cur ina leith gur bréagadóir é. Déanann sé scéal dá bharúil ar bhealach neamhréasúnach. Tá sé mórtasach agus cruálach.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i)

(a) Bhí Laocoon ina ardsagart do Neiptiúin sa Traí.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(b) Ritheann sé síos go dtí an capall agus caitheann sé sleán leis, ag insint do na Traígh go bhfuil siad as a meabhair má smaoiníonn siad ar an gcapall a thabhairt isteach sa chathair. Iarrann sé orthu: "An gceapann sibh go bhféadfadh na Gréagaigh bronntanas a thabhairt gan feall a bheith ann?" Níos deireanaí deir sé: "Cibé a bheidh ann, tá faitíos orm go fóill roimh na Gréagaigh, fiú má bhíonn bronntanas acu."

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Ionsaíonn dhá phéist uafásacha a thagann aníos ón bhfarraige Laocoon agus a bheirt mhac. Tarraingíonn siad Lacoon agus an bheirt bhuachaillí ó chéile os comhair na dTraíoch ar fad, ag sleamhnú siar faoi dhealbh Aitéiné nuair a bhí siad críochnaithe.

**Cur síos comhleanúnach. (13, 12.)** **(25 marc)**

(ii)

(a) Cuireann Péinealaipé moill ar phósadh duine dá Suirígh trína rá go bhfuil sí ag snoigh thaiséadach Laertes, a seanathair céile. Snoíonn sí i rith an lae agus scaoileann sí san oíche é agus ar aghaidh leis. Ar deireadh, insíonn cailín searbhónta mídhílis a cleas do na Suirígh.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(b) Beannaíonn Péinealaipé d'Odaiséas go fuar nuair a bhuaileann siad le chéile arís, mar go gceapann sí go m'fhéidir gur cleas atá ann agus nach é atá ann in aon chor. Tugann Telemachus amach di as a hiompar fuar, ach ní ghéilleann sí. Ar deireadh, nuair a spréachann Odaiséas, ordaíonn sí go mbainfear a leaba pósta as an seomra. Deir Odaiséas nach féidir é sin a dhéanamh, toisc gur crann olóige atá fréamhaithe sa talamh ceann de na maidí leapa. Insíonn sé seo di gurb é Odaiséas atá ann, mar nach mbeadh a fhios ag aon duine eile an méid sin. Tugann sí croí isteach ansin dó, agus í cinnte gurb é atá ann.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Is dócha go mbeidh meas ag iarrthóirí uirthi. D'fhéadfaí a áireamh le roinnt fáthanna: a dílseacht; a seiftiúlacht; a tiomantas dá fear céile agus dá mac; a grástúlacht faoi bhrú; a fáilteachas agus a cineáltas do strainséirí; a toilteanas tabhairt amach do na Suirígh as an gcaoi ar chaith siad leis an mbacach. Mura dtaitníonn sí leo, d'fhéadfaí a áireamh le fáthanna: tá sí róchosantach i dtreo Telemachus; glacann sí go réidh lena dhrochbhéasa; ní sheasann sí suas i ndáiríre in aghaidh na Suiríoch.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iii)

(a) Nuair a shroicheann siad oileán uaibhreach gar do thalamh na gCioclóp, deir Odaiséas go gcaithfidh siad dul ag taiscéalaíocht agus aimsíonn siad pluais Polyphemus. Tar éis dóibh pluais a aimsiú, teastaíonn ó na fir slad a dhéanamh ar na stóir mhóra bia ach teastaíonn ó Odaiséas fanacht chun bronntanais shaibhre a fháil. Nuair a thagann Polyphemus lena thréas caorach, dúnann sé an bealach isteach chuig an bpluais le bollán mór. Nuair a tháinig an fathach orthu agus nuair a cheistigh sé iad, bíonn an chiall ag Odaiséas a rá leis gurb é "Duine ar bith" a ainm. Tosaíonn Polyphemus ag bualadh cloigne roinnt de na fir in aghaidh an bhalla agus á n-ithe. Smaoiníonn Odaiséas ar phlean agus tugann sé fíon an-láidir dó mar bhronntanas, agus bíonn an Cioclóp ar meisce dá bharr. Ansin, cuireann sé féin agus a chuid fear faobhar ar ghéag olóige, dónn siad é agus dallann siad Polyphemus. Deir Polyphemus, mar fhreagra ar na Cioclóip béal dorais, go bhfuil "Duine ar bith" á ghortú. Ar maidin, caitheann sé a chaoirigh a ligean amach agus éalaíonn na fir, ceangailte faoi bhoilg na gcaorach. Agus iad ag teitheadh ar an long, glaonn Odaiséas amach a ainm don Chioclóp agus is beag nach maraítear iad.

**Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Is dócha go n-aontóidh iarrthóirí gur laoch é, cé go mb'fhéidir go ndéarfaidh siad gurb é chomh tobann is atá sé agus a shaint do na bronntanais ba chúis leo bheith faoi ghlas sa phluais agus na fir a cailleadh. Áirítear lena thréithe gaisciúla: a réamhsmaoineamh chun "Duine ar bith" a thabhairt air féin agus mar gheall air sin nár tháinig an Cioclóp eile le cabhrú le Polyphemus nuair bhí sé dallta; a chlisteacht ag smaoineamh ar bhealach a d'fhéadfaidís éalú ón bpluais, cé go raibh an bollán rómhór le bogadh. A sheiftiúlacht ag smaoineamh ar phlean iontach chun Polyphemus a dhéanta ólta agus ansin é a dhalladh leis an maide olóige ionas go mbeadh an buntáiste sin acu agus ar deireadh clisteacht an éalaithe, ag coinneáil greim ar bholg na gcaorach. Léiríonn na nithe seo ar fad crógacht agus

clisteacht an laoich. Féadfaidh iarrthóirí a rá freisin go raibh sé amaideach nuair a ghlaoigh sé a ainm amach ag an deireadh leis an gCioclóp agus gur bheag nach maraítear iad agus iad ag teitheadh.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Sula dtéann sé isteach sa Domhan Thíos, ní mór d'Aeinéas an Chraobh Órga a phiocadh de chrann i lár na foraoise. Treoraíonn dhá cholm a sheol a mháthair, Véineas, amach anseo é.

**Pointe amháin. (10)** **(10 marc)**

(b) Ceapann Aeinéas i dtosach go bhfeiceann sé Díodó sa duairce, cosúil le spléachadh de ghealach nua trí na scamaill. Cuimhníonn sé ansin gurb í Díodó atá ann agus téann sé ar aghaidh le labhairt léi. Ach fanann sí chomh fuar le marmar agus ní labhróidh sí leis in aon chor. Tá uafás air go raibh an ráfla a chuala sé fíor, agus níos mó ná rud ar bith gurbh é a bhí freagrach as a féinmharú. Déanann sé impí uirthi agus deir sé go raibh sé i ngrá léi, ach nach raibh de rogha aige ach imeacht mar gur ghlaoigh na déithe air. Ach iompaíonn sí i dtreo Sychaeus agus ní labhróidh sí leis.

**Cur síos comhleanúnach. (13, 12.)** **(25 marc)**

(c) Nochtann Anchises é féin dá shliocht féin, lena n-áirítear a mhac Silvius a bhéarfar tar éis dó bás a fháil. Roghnaíonn sé Rómhánaigh iontacha na todhchaí, lena n-áirítear Iúil Caesar agus Ágastas agus léiríonn sé d'Aeinéas chomh fiúntach is atá a mhisean. Ar an rud ba thábhachtaí, insíonn sé dó faoi chinniúint iontach na Rómhánach sa domhan. Cé go bhfuil daoine eile níos fearr ag an bhfilíocht, réalteolaíocht agus óráidíocht, tá sé i gcinniúint na Rómhánach go scaipfidh siad sibhialtacht agus síocháin ar fud an domhain agus rugadh iad le gach duine a rialú.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i)

(a) Is dócha go ndéarfaidh iarrthóirí gur leannán míshásta agus éadmhar é Proipeirtias. In *Two Requests*, tagraíonn sé dá ghrá nua mar an bhean a ghortóidh é gan dabht. Fiú sula bhfuil caidreamh aige, tá a fhios aige nach mbeidh sé sásta leis an ngrá. In *Gone to Clitumnus* is léir gur duine an-sealbhach atá ann agus nach bhfuil muinín aige go mbeidh sí dílis dó. Is cosúil gur mhaith leis úinéireacht a bheith aige uirthi. Is léir é seo in *Gone* freisin. Tá sé an-searbh faoina sheanchailín agus faoin damáiste a cheapann sé a rinne sí leis. In Cupid fiú, atá éadromchroíoch, deir sé go bhfuil sé cuí go dtaispeánfaí grá mar shaigheada a chuireann an-phian ar dhaoine. Léiríonn an cur chuige foréigneach le Cynthia in *Cynthia* gur fear faiteach é a ghreamaíonn dá leannán ar bhealach easpach agus uaireanta ar bhealach brúidiúil fiú, ní ar bhealach sona, stuama. Cé go dtaitníonn grá leis, ní cosúil go dtugann sé

aon suaimhneas dó.  D’fhéadfaí a áireamh le fianaise ina leith seo: A mheon brúidiúil le Cynthia agus a eagla roimh an mbás; a chinnteacht go mbeidh pian air de bharr an ghrá; a phian i dtreo a leannáin a d’fhág é agus a scrios nuair atá Cynthia marbh, agus tá sé leis féin in impireacht fhuar a leapa.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) D’fhéadfadh na hiarrthóirí aon cheann de dhánta Proipeirtias a roghnú a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá bhfreagra trí thagairt a dhéanamh don dán agus aon fháth bailí lena roghnú.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Tosaíonn na huafáis agus iad ag dul isteach sa Domhan Thíos, uallfartach madraí, an domhan ag croitheadh agus dorchadas ag teacht.  Tá pearsantú de gach cineál uafáis ag an mbealach isteach: imní, galair, seanaois, bochtaineacht agus an créatúr uafásach, Cogadh Cathartha, le banda cinn fuilteach, ag screadach i gcás.  Tá ceinteáir, Sciolla, Briareus agus créatúir aisteacha agus uafásacha eile ann freisin.  Níos déanaí, buaileann Aeinéas le harrachtaí scanrúla ar nós an mhadra le trí cheann, Ceirbearas agus Tisiphone na Feirge ag geataí Tartarus. D’fhéadfadh iarrthóirí an farantóir uafásach Charon agus cruatain na bhféinmharuithe agus na hanamacha caillte a áireamh mar aon le cur síos fisiciúil ar na fuaimeanna, radhairc agus bolaithe uafásacha san áit.

**Cur síos comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Is iad seo na hanamacha nach bhfuair adhlacadh ceart go fóill ach adhlacadh i gceart na coirp ar bhád Charon.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iii)

(a) Ceileadh Iúpatar agus Mearcair mar thaistealaithe tuirseacha d’fhonn maitheas na ndaoine a thástáil.  Níor fháiltigh aon duine isteach ina dtithe iad, seachas Baucis agus Philemon, lánúin scothaosta bhocht agus shimplí.  Cuireann siad go leor trioblóide orthu féin, ag cur na taistealaithe ar a gcompord agus ag tabhairt béile folláin, simplí do na déithe le fíon le hól.  Déantar cur síos ar gach sonra den troscán agus den bhéile.  Ach thug an lánúin faoi deara go bhfanann an flaigín fíona lán i gcónaí, a chuireann eagla orthu.  Nuair a thuigtear dóibh gur thug déithe cuairt orthu, déanann siad iarracht a ngé a mharú, ach cuireann na déithe ar a suaimhneas iad agus insíonn siad dóibh go bhfuil déanta go maith acu.

**Cur síos comhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Tugann na déithe an tseanlánúin suas an sliabh in aice láimhe.  Ansin, bhreathnaigh siad ar an talamh á bhá in uisce riascach, a dteachín beag ag iompú ina theampall.  Ansin, dheonaigh na déithe a mianta agus rinne siad sagairt astu le freastal sa teampall agus ag

ceadú dóibh bás a fháil le chéile. Dá réir sin, nuair a bhí siad an-sean, d'iompaigh na déithe Baucis agus Philomen ina dhá gcrann cheangailte.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Fad is atá Horáit amuigh ag siúl, tagann fear nach bhfuil a ainm ar eolas ach ag an bhfile, chuige agus siúlann sé lena thaobh. Deir sé le Horáit gur sárscríbhneoir é agus labhraíonn sé faoi féin go leor. Déanann Horáit iarracht é a dhíbirt ach ní éiríonn leis. Cumann sé gach cineál fáth nár cheart do Bore leanúint leis agus ar deireadh bíonn sé ina "asal doicheallach" nuair nach dtógfaidh sé an leid. Ba bhreá leis dá mbeadh sé chomh teasaí le cara áirithe ionas go bhféadfadh sé a bheith mímhúinte agus a rá leis imeacht. Nuair a fhaigheann sé amach nach bhfuil aon duine sa bhaile ag Bore, glacann sé leis gur mharaigh sé iad uile trína bheith chomh leadránach.

**Achoimre chomhleanúnach. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Tá aon chúis amháin as taitneamh (nó gan taitneamh) a bhaint as an dán togha chomh fada is a bhíonn sé bunaithe ar an téacs. Aithneoidh aon duine a bhuail le duine nár ghlac leis an leid greann an cháis a ndéanann Horáit cur síos air. Tá diúltú an Bore chun an leid a thógáil greannmhar mar gheall ar a thuairim rómhór faoina thábhacht. Tá cumas Horáit gáire a dhéanamh faoi féin greannmhar freisin, tá a fhios aige nach féidir leis a bheith sách mímhúinte agus críochnaíonn sé le pus air agus ag ceapadh go gcríochnóidh Bore é.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Tógadh an dá theampall san Ord Dórach. **Pointe amháin. 10.** **(10 marc)**

(a) a-peidiméid; b-triglif; c-imchásáil. **(5, 5, 5.)** **(15 mharc)**

(c) Áirítear leis na difríochtaí idir an dá theampall: Tá sé cholún ag Teampall Héire ar a aghaidh agus ar a chúl agus tá ocht gcinn sa Phartanón. Tá 13 cholún feadh thaobhanna Theampall Héire agus 16 feadh thaobhanna an Phartanóin. Tá na colúin ar Theampall Héire i bhfad níos téagartha agus níos troime ag breathnú agus níos gaire dá chéile. Tá fothracha staighre ag Teampall Héire agus dhá shraith colún sa naos agus tá an taobh istigh den Phartanón ar fad imithe. Is iad na príomhdifríochtaí na mionleasuithe sa Phartanón, lena n-áirítear an cóimheas 9:4; claonadh isteach na gcolún; an cuar atá ar fud an fhoirgnimh agus iontáis na gcolún. Difríocht mhór eile is ea saibhreas an mhaisithe dealbhóireachta ar an bPartanón agus tá Teampall Héire saghas simplí.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(ii)

(a) Fíor é seo den bhandia Aitéiné. **Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(b) Dealbhóireacht nach bhfuil ag saorsheasamh is ea dealbhóireacht rilífe. Seasann sí amach ón gcúlra, ach go mbíonn sí fós greamaithe de.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(c) D'úsáidfí é mar ofráil mhóideach (ofráil do dhia) nó mar steil nó leac uaighe.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(d) Tá sé an-mhaorga agus simplí. Titeann ciotón an bhandé go galánta agus tá a seasamh réadúil, le lámh amháin ar a corróg agus an lámh eile ar a haghaidh mar chomhartha bróin. Tá a lámh clé álainn agus tá mionsonra ar a gruaig agus a clogad. Cruthaítear cruth an-deas leis an bhfíor chlaonta agus an sleán, ag claonadh sa treo eile.

**Dhá phointe. (13, 12.)** **(25 marc)**

(iii)

(a) Marcóir uaighe nó ofráil mhóideach do dhia. **Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

(b) Baineann sí seo le tréimhse luath sa ré ársa (660-580 R.Ch.) **Pointe amháin. 10.** **(10 marc)**

(c) Seo a leanas gnéithe na deilbhe a bhaineann leis an ré: seasamh stílithe, foirmeálta agus righin. Tá an staidiúir chun tosaigh agus tá sí sách geoiméadrach sa chruth. Tá a cloigeann, a cosa agus a lámh as miosúr leis an gcuid eile dá corp. Tá mionghháire ársa uirthi atá tipiciúil den ré seo agus tá a súil agus a mala mar a bheadh cartún agus réidh. Tá a staidiúir an-socair agus níl a cuid éadaí an-réalaíoch. Níl cuma sho-aitheanta bhaineann ar a colainn. Tá cruth a colainne an-simplí agus ní léiríonn dul a sciorta go bhfuil aon chosa thíos faoi. Chomh maith leis sin, tá patrún geoiméadrach ar a sciorta gan aon léiriú ar cholainn a bheith thíos faoin éadach. Tá lámh mhór stílithe uirthi agus laidhricíní cearnógacha ar a cuid cos. Tá a cuid gruaige an-stílithe chomh maith, le patrún seachas gruaig nádúrtha, mar a fheictear sa tsraith cearnóg.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(iv)

(a) Sa dealbh seo, tá Gall á mharú féin agus ag tacú le corp a mhná atá díreach maraithe aige. Tá sé sin á dhéanamh aige ionas nach maróidh agus nach ngabhfaidh na Attalids é.

**Cur síos achomair. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) Tá an dealbh seo an-tipiciúil de dhealbha Heilléanaíocha. Seachas aon ní eile, tá drámaíocht, gluaiseacht agus déine na bhfíoracha an-Heilléanaíoch. Tá an t-ábhar an-mhothúchánach, rud a fheictear go minic sa tréimhse seo. Cruthaíonn an chodarsnacht dhrámatúil idir láidreacht agus fuinneamh an Ghaill agus mairbhe throm a mhná céile an chodarsnacht agus an ghluaiseacht ghéar a fheictear sa stíl Pergamon. Feictear an

dealbhóireacht mhionsonraithe ar na matáin agus an tsnoíodóireacht dhomhain sa ghruaig i stíl na tréimhse freisin.

**Dhá phointe. (13, 12.)** **(25 marc)**

(c) D'fhéadfadh iarrthóirí a rá go dtaitníonn nó nach dtaitníonn an dealbh leo. Beidh na cúiseanna suibiachtúil. Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann go dtaitníonn sí leo ná léiriú ardchaighdeáin ar cholainneacha daonna, mothúchán agus drámaíocht an ábhair, fillte áille na n-éadach ar an mbean atá ag fáil bháis agus an chodarsnacht idir láidreacht an Ghaill agus a bhean atá ag dul in éag. Mura dtaitníonn an dealbh leo, d'fhéadfadh iarrthóirí a lua go bhfuil sí beagán ró-dhrámatúil agus nach bhfuil sí caolchúiseach.

**Cúis amháin. (10.)** **(10 marc)**

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Úsáideann Sócraitéas samhail na huaimhe chun léiriú a thabhairt ar an Eagnaíocht nó ar aineolas an duine. Iarrann an fealsúnaí ar a chomrádaithe an cás seo a leanas a shamhlú. Tá seomra faoi thalamh le hiontráil oscailte do sholas an lae a ritheann píosa fada faoi thalamh. Sa seomra seo tá fir atá i bpríosún ann ó bhí siad ina ngasúir, a gcosa agus a muineál chomh fáiscthe nach féidir leo ach féachaint díreach chun cinn agus níl siad in ann a gceann a chasadh. Tá tine ag dó ar a gcúl agus os cionn na bhfear seo. Idir an tine agus na príosúnaigh tá bóthar, agus é ar leibhéal níos airde freisin. Ar aghaidh an bhóthair sin tógadh balla cuirtín íseal, cosúil leis an scáileán a dtaispeánann puipéadóirí a gcuid puipéad os a chionn. Ar chúl an bhalla cuirtín tá fir ag iompar ar an mbóthar agus tá gach cineál ruda os cionn a gceann acu, ina measc fíoracha d'fhir agus d'ainmhithe déanta as ábhair éagsúla. Tá roinnt de na fir ag caint, níl roinnt eile. Ní bheadh na príosúnaigh in ann aon rud a fheiceáil díobh féin ná de na príosúnaigh a bhí ina dteannta, seachas a gcuid scáileanna á gcaitheamh ag an tine anuas ar bhalla uaimhe os a gcomhair. Dá bharr sin, dá mbeidís in ann labhairt lena chéile, bheidís ag ceapadh gur fíor-rudaí iad na scáileanna a chonaic siad. Agus má léirigh an balla os a gcomhair fuaim, bheidís ag ceapadh gur leis an scáil a bhí ag dul thart os a gcomhair an glór ó aon duine de na daoine a bhí ag dul an bóthar ar a gcúl. Dá bhrí sin chreidfidís gur fíor-rudaí a bhí i scáileanna na rudaí (a bhí ag bogadh thart os cionn an bhalla cuirtín ar a gcúl). Dá scaoilfí saor duine de na príosúnaigh sin agus dá gcuirfí iallach air a cheann a chasadh agus féachaint agus siúl i dtreo na tine, bheadh pian air agus bheadh sé ródhall chun na rudaí a mbíodh sé ag féachaint ar a gcuid scáileanna tráth a fheiceáil i gceart anois. Bheadh sé as a bhuile agus bheadh sé ag ceapadh go mbeadh na scáileanna a bhíodh sé a fheiceáil ann i ndáiríre i gcomparáid leis na rudaí a raibh siad mar scáil acu. Dá gcuirfí iallach air ansin féachaint go díreach ar sholas na tine, ghortódh sé a chuid súl agus chasfadh sé siar agus lorgódh sé tearmann sna rudaí a bhí sé in ann a fheiceáil agus bheadh sé ag smaoineamh go raibh siad i bhfad níos soiléire ná na rudaí a bhí á dtaispeáint dó. Dá dtarraingeofaí an príosúnach saor amach as an seomra faoi thalamh agus amach i solas an

lae, bheadh a chuid súl chomh trína chéile ag an solas is nach mbeadh sé in ann ceann amháin de na rudaí a bhíothas a rá leis a bhí fíor anois a fheiceáil i ndáiríre. Bheadh air cleachtadh a fháil ar an solas ar an gcéad dul síos sula mbeadh sé in ann na rudaí taobh amuigh den uaimh a fheiceáil. Ar dtús bhreathnódh sé ar na scáileanna agus ansin ar scáileanna d'fhir agus de rudaí san uisce, agus ansin ar na rudaí iad féin. Bheadh sé níos éasca aige ansin féachaint ar rinn neimhe agus ar an spéir san oíche seachas sa lá, agus féachaint ar sholas na gealaí agus na réalta, seachas ar an ngrian agus ar sholas na gréine. Is é an rud deiridh a bheadh sé in ann a dhéanamh ná go mbeadh sé in ann féachaint go díreach ar an ngrian féin, díreach mar atá sí, gan scáileanna di a úsáid in uisce nó ar aon bhealach eile. Níos déanaí thuigfeadh sé go bhfuil smacht ag an ngrian ar gach rud sa saol infheicthe agus gurbh í an ghrian ba shiocair le gach rud a bhíodh sé féin agus na príosúnaigh eile a fheiceáil ina bpríosún. Bheadh sé ríméadach ansin mar gheall ar chomh hádhúil is a bheadh sé agus bheadh trua aige dóibh siúd a bheadh fós san uaimh, agus b'fhearr leis rud ar bith ná bheith ina mbróga arís. Dá mbeadh cead aige filleadh ar a sheansuíochán san uaimh, bheadh sé dall ag an dorchadas, mar gheall go raibh sé díreach tar éis a theacht isteach ó sholas an lae. Agus, dá dtarlódh sé, agus é fós dall, go gcaithfeadh sé idirdhealú a dhéanamh idir na scáileanna difriúla i gcomórtas leis na príosúnaigh eile, dhéanfadh sé amadán de féin. Déarfaidís nárbh fhiú dada an chuairt a thug sé ar an saol thuas agus go raibh a amharc scriosta aige. Agus dá ndéanfadh aon duine iarracht iad a scaoileadh saor agus iad a thabhairt suas chuig an solas, mharóidís é dá mbeidís in ann greim a fháil air.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Tá Sócraitéas ag moladh go ndéanfadh na príosúnaigh ionadaíocht ar an tsochaí reatha agus déanann taithí an phríosúnaigh a scaoileadh saor cur síos ar thuras nimhneach an fhealsaimh go dtí an eagnaíocht. Is é an teachtaireacht atá ann ná go gcaithfidh an príosúnach atá ligthe saor filleadh ansin ar an uaimh chun iarracht a dhéanamh a chomhchréatúir a chur ar an eolas faoin bhfírinne, cé nach saibhreoidh sé é ná ní bheidh mórán measa air dá bharr. Tríd an tsamhail seo nascann Sócraitéas an dreapadh suas sa domhan thuas agus an radharc a fhaigheann sé ar na rudaí ansin le dul chun cinn na hintinne isteach sa réim intuigthe. Is é an rud deiridh a thuigfear sa réim intuigthe sin, ach le deacracht mhór, ná foirm absalóideach na Maithe. A luaithe is a fheictear é, meastar gur mar gheall air a tharlaíonn gach rud, idir mhaith agus olc, ag cruthú solais agus foinse solais sa saol infheicthe, agus sa saol intuigthe é mar fhoinse smachtaithe na réadúlachta agus na hintleachta. Creideann an fealsamh go gcaithfidh duine ar bith atá chun gníomh réasúnach a dhéanamh, go poiblí nó go príobháideach, an fhoirm absalóideach sin den Mhaith a thuiscint. Ní haon ionadh é, nach mbeidh na daoine sin a théann achar áirithe toilteanach filleadh ar ghnáthchúrsaí an lae agus fanfaidh a n-intinn ar rudaí níos mórga.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(ii)

(a) Deir Sócraitéas go ndéanann saibhreas oibreoirí leisciúil agus nach mbíonn spéis acu san obair dá bharr. Deir sé nuair a éiríonn daoine saibhir go dtiontaíonn siad ón idéal um

sheirbhís don stát agus i dtreo saibhriú príobháideach. Deir sé nach mbíonn oibreoirí ábalta a gcuid oibre a dhéanamh de bharr na bochtaineachta agus go bhféadfadh réabhlóid a bheith mar thoradh air sin. Creideann Sócraitéas gur dualgas na nGardaí é cosc a chur ar shaibhreas agus ar bhochtaineacht ó dhul gan aireachtáil isteach sa stát agus an Tríú hAicme seo a thruailliú. Éiríonn criadóir a éiríonn saibhir neamh-airdiúil agus díomhaoin chomh maith, agus mar sin is droch-chriadóir é. Ar an taobh eile ar fad, má bhíonn criadóir róbhocht chun uirlisí agus riachtanais a thrádála a chur ar fáil dó féin, táirgfidh sé potaí lagmheasa agus ní bheidh a phrintísigh ró-oilte.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Mar mhíniú ar an gcaoi is féidir le stát nach bhfuil mórán saibhris aige dul i mbun troda, go háirithe i gcogadh in aghaidh namhaid mór saibhir, tugann Sócraitéas sampla de dhornálaí ardoilte atá in ann beirt chéilí comhraic nach dornálaithe iad, ach atá saibhir agus ramhar, a bhualadh go héasca. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh a Shaighdiúirí Cúntacha in ann do dhá nó trí oiread a lín féin. Straitéis chliste i gcogadh in éadan dhá stát ná toscairí a chur chuig ceann díobh, agus an t-ór agus an t-airgead ar fad atá ag an gceann eile a thairiscint dó ina chúiteamh ar chomhaontas míleata in éadan an tríú stáit. Éilíonn Sócraitéas go mb’fhearr le stát ar bith a chloiseann tairiscint dá leithéid troid i gcuideachta le gadhair fhaire láidre Shócraitéis in éadan caoirigh raimhre lácha. Tá réiteach ag an bhfealsamh chomh maith ar an bhfadhb a thiocfadh chun cinn dá gcuirfeadh an dá stát eile a n-acmhainní le chéile in éadan a chuidsean. Tá muinín aige go bhfuil gach seans nach dtarlóidh sin toisc nach bhfuil aontas inmheánach ag stát ar bith eile. Beidh dhá grúpa freasúracha ar a laghad acu ar fad, lucht an rachmais agus na boicht. Trí cheann amháin díobh a chur in aghaidh an chinn eile, tá muinín ag Sócraitéas go mbeidh a lán comhghuaillithe ag a stát agus nach mbeidh mórán naimhde aige.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(iii)

(a) Dar le Platón gurb é an t-aon difríocht amháin an-tábhachtach atá idir fir agus mná ná go dtugann mná leanaí ar an saol agus tuismíonn fir iad. Dá bhrí sin, dar leis, níl aon chúis i ndáiríre nach gcuirfí oideachas iomlán ar na mná, nach mbeidís in ann rannchuidiú leis an stát ar an mbealach céanna agus na poist chéanna a bheith acu tríd is tríd. Mar sin féin, deir sé gurb amhlaidh, go ginearálta, go ndéanfaidh fir a gcuid dualgais níos fearr ná mar a dhéanann mná. Bunaíonn sé a argóint ar an bhfaire a dhéanann sé ar mhadraí cosanta, idir chinn fhireann agus bhaineann. Ní bhíonn tionchar ag inscne dhifriúil ar an gcaoi a dhéanann siad rud éigin. Ar an gcaoi chéanna ní dhéanann fir atá maol ná fir a bhfuil gruaig fhada orthu cúraimí ar aon bhealach atá difriúil óna chéile. Is é an phríomhdhifríocht eatarthu dar leis an chaoi ina n-oiltear agus ina dtraenáiltear iad. Níl siad cothrom ar gach bealach. Is cosúil go nglacann Platón leis gurb amhlaidh, taobh istigh de gach catagóir, go bhfuil na fir níos fearr ná na mná agus tá an cheist ann freisin maidir le láidreacht fhisiciúil níos fearr. Mar sin, ní áitítear comhionannas iomlán ar gach bealach anseo in aon chor.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) D’fhéadfadh iarrthóirí aontú nó easaontú a fhad is go bpléann siad argóintí Shócraitéas agus go dtugann siad tacaíocht dá gcuid tuairimí féin. I measc na bpointí follasacha d’fhéadfaí a lua gur beag post a bhfuil srian air ó thaobh inscne sa lá atá inniu ann, seachas cinn lena ngabhann cineálacha saothair an-fhisiciúil agus tá neart samplaí de mhná a bhfuil ag éirí thar cionn leo i ngach réimse den saol.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Ar an gcéad dul síos, glactar leis gur cuid riachtanach den saol é an ceol seachas rud sa bhreis. Tuigtear go n-imríonn ceol tionchar fíorláidir ar dhuine, idir mhachnamh agus ghníomh, agus gurb é sin an fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis. Is é an rud is mó is cás leis an cineál ceoil lena n-éisteann na Caomhnóirí. Creideann sé go bhfuil dlúthcheangal idir ár n-iompraíocht agus an tionchar a imríonn cineálacha áirithe ceoil orainn. Imríonn cineálacha áirithe ceoil dea-thionchar orainn, mar shampla amhráin mháirseála do shaighdiúirí faoi mar atá ag na Dóraigh agus na Frigiaigh. Is iad na móid amháin is inghlactha an mód Dórach agus an mód Frigiach – ceann acu dian, an ceann eile taitneamhach. Tabharfaidh an chéad mhód (an ceann dian) léiriú ar ghlór agus ar bhlas cainte an fhir chróga atá i mbun seirbhís mhíleata nó atá ag tabhairt faoi ghaisce contúirteach éigin eile ina bhfuil sé i mbaol díobhála, báis nó aon mhí-áidh eile lena ngabhann an tseasmhacht iontach chéanna. Tabharfaidh an dara mód (an ceann taitneamhach) léiriú air in aimsir na síochána agus é i mbun ghnáthchúraimí an tsaoil dá dheoin féin – é ag cur ina luí ar dhuine éigin iarratas a cheadú, ag guí chun dé, ag tabhairt amach do chomharsan, ag géilleadh do dhaoine eile maidir lena n-iarratais agus a dtreoracha agus an méid a chuireann siad ina luí airsean. Trí na rudaí sin ar fad ní bheidh aon chonsaeit air, ach beidh measarthacht agus ciall aige agus toil leis glacadh lena bhfuil i ndán dó. Is éard a chuireann an dá chineál in iúl an misneach agus an mheasarthacht in aimsir an áidh agus an mhí-áidh. Ní bheidh gá ach le lir agus ciotára, uirlisí Apalló. Ní mór an méadar agus an tiúin a chur in oiriúint do na focail, seachas an bealach eile timpeall. Admhaíonn Sócraitéas, áfach, nach féidir leis a rá céard iad na rithimí a oireann do shlí mhaireachtála áirithe agus na cinn nach n-oireann. Níl dabht ar bith ar Shócraitéas gurb í an áilleacht toradh na dea-rithime. Dea-rithim a bhíonn de thoradh ar dhea-cheol a oireann don dea-fhilíocht; a mhalairt atá i gceist le drochrithim. Is iad na focail a chaithfidh stíl agus rithim an cheoil a shocrú, seachas an bealach eile.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Tuirimh agus caointe sa mhód Lidiach Measctha agus sa mhód Fíor-Lidiach a dhiúltú agus níor cheart go mbainfeadh mná measúla, gan trácht ar fhir, úsáid astu. Ar an dara dul síos, ní bheadh sé sásúil in aon chor go mbeadh Caomhnóirí bog, díomhaoin ná ar meisce, mar sin caithfear cúl a thabhairt leis na móid shuaimhneacha Lidiacha a úsáidtear in amhráin óil, mar níl aon leas le baint astu agus saighdiúirí á n-oiliúint.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(c) D’fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú a fhad agus a thugann siad cúis lena bhfreagra.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) Taispeánann an dealbh seo mórshiúl an impire bhuacaigh Titus tar éis dó Iúdáia (nó Iarúsailéim) a chloí in 71AD. Tá sé i gcarbad atá á tharraingt ag ceithre chapall, á threorú ag an mbandia Roma. Tá a shaighdiúirí lena sleánna le feiceáil freisin. Tá an t-impire ina sheasamh sa charbad le fíor den bhandia eiteach Victoria á chorónú.

**Cur síos achomair. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Is é is dealbhóireacht rilífe, dealbhóireacht atá fós greamaithe den chloch taobh thiar de. Is é is rilíf ard, nuair a sheasann an snoiteán amach i bhfad ón gcúlra, agus is é is rilíf íseal nuair a bhíonn an snoiteán éadomhain agus nach seasann sé amach ón gcloch sa chúlra ach ar éigean.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Seasann Titus amach ar dhá bhealach i saothar an dealbhóra. Is é an fhíor is airde é agus é ina sheasamh ar a charbad. Is é an t-aon fhíor é freisin a bhfuil a aghaidh (damáistithe anois) ag féachaint amach i dtreo an bhreathnóra, sampla de thosacht. Tá na fíoracha eile ar fad ag féachaint i dtreonna éagsúla.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Atógáil atá anseo ar bhloc árasán cúig stór nó *insula* ag Ostia. Tá brící ar a aghaidh agus tíleanna ar an díon. Tá roinnt bealaí isteach móra ag leibhéal na talún, deartha le bheith ina aghaidheanna siopaí. Tá áirsí os cionn na bhfuinneog ar an dara urlár. Tá fuinneoga níos lú, roinnt díobh dronuilleogach, roinnt díobh le háirse, ar na trí urlár is uachtaraí. Tá coirnisí simplí ar an mballa seachtrach.

**Cur síos achomair. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(b) D’úsáidfí urlár na talún i gcomhair siopaí nó gnólachtaí.

**Pointe amháin. (5.)** **(5 mharc)**

(c) Is iad brící, suimint, adhmad agus tíleanna na hábhair a úsáideadh.

**Dhá ábhar. (5, 5.)** **(10 marc)**

(d) Féadfaidh iarrthóirí freagra a thabhairt ar ceachtar bealach. D’fhéadfaí a áireamh le cúiseanna féideartha i bhfabhar cónaí anseo go mbreathnaíonn an foirgneamh an-chosúil le go leor bloc árasán nua-aimseartha. Breathnaíonn sé soladach agus mealltach agus bheadh

sé dea-shoilsithe. D’fhéadfaí a áireamh le cúiseanna nach dtaitneodh sé leo cónaí in *insula* nach mbeadh saoráidí nua-aimseartha aige amhail sláintíocht, teas agus compoird eile mar sin. Tógadh na struchtúir seo go dona agus thitidís agus théidís trí thine go minic. Bhí drochshláintíocht ina cúis le galair agus ardráta báis.

**Dhá chúis. (10, 10.)** **(20 marc)**

(iii)

(a) tá cruth neamhrialta ar na Folcadáin Stáibiacha ag Pompeii mar gur sampla iad d’fholcadáin Rómhánacha luatha. Ag (a) tá dhá bhealach isteach ann. Is é (j) an palaestra nó an limistéar aclaíochta sa lár agus colúin mórthimpeall air. Amach uaidh sin tá an leithreas poiblí ag (c) agus an linn snámha ag (k). Tá dhá shraith áiseanna d’fhir agus do mhná, ina bhfuil seomra feistis (d), tepidarium (seomra bogthe) (e), caldarium (seomra te) (f), frigidarium (seomra fuar) cruinneachánach (h) agus tá an córas teasa hipeacóst lonnaithe ag (*g)*.

**Cur síos comhleanúnach. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b) Bhí na folcadáin seo eagraithe go maith le go bhféadfadh saoránaigh Rómhánacha roinnt uaireanta an chloig taitneamhacha a chaitheamh ag sóisialú lena gcairde. Bhí siad oscailte do gach duine agus ní raibh siad daor. D’fhéadfadh daoine aclaíocht a dhéanamh, iad féin a ní agus a fhuarú ar lá te. D’fhéadfaidís sneaiceanna a cheannach agus suathaireacht a fháil. Bhí an-tóir orthu ar na cúiseanna céanna is a théann go leor daoine chuig an ngiomnáisiam nó ar bhriseadh spá inniu. Ní raibh an oiread rudaí ag tarraingt aird daoine sa tSean-Róimh, cosúil le teilifís, pictiúrlann, cluichí ríomhaireachta agus mar sin bhí an-tóir ar na folcadáin.

**Dhá phointe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(iv)

(a) Aichill; Odaiséas; Diomede. **(4, 3, 3.)** **(10 marc)**

(b) Sa phéintéireacht seo, tá Aichill gléasta mar bhean ionas nach nglaofaí air do Chogadh na Traí. Bhuail Odaiséas bob air. Nuair a thugtar isteach bosca mór bronntanas, beireann Aichill láithreach ar an gclaíomh in ionad na n-éadach agus na seodra.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(c) Is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad cúis mhaith amháin. Má aontaíonn siad, d’fhéadfaidís a lua gur péintéireacht bheoga, an-drámatúil é agus go ngabhann sé an nóiméad a bheirtear ar Aichill. Tá an fhíor d’Odaiséas péinteáilte go maith sa bhealach a bheireann sé ar Aichill le cuma dhian ar a aghaidh. Má easaontaíonn siad, d’fhéadfaidís a rá go mbreathnaíonn aghaidh agus fíor Aichill ciotach. Deir Wheeler go bhfuil an aghaidh gránna agus deir sé go mb’fhéidir gur chuir péintéir eile leis é níos déanaí.

**Pointe amháin. (15.)** **(15 mharc)**

(d) D’fhéadfadh iarrthóirí ábhair neamhbheo; radhairc thipiciúla le scrínte; radhairc amharclainne; radhairc ghairdín; ailtireacht álainn; a lua.

**Pointe amháin. (10.)** **(10 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán